Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Márta 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0436(COD)**

**7164/19**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 607**
**TRANS 167**
**SOC 200**
**EMPL 154**
**MI 228**
**COMPET 230**
**PREP-BXT 98**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhrialacha lena n-áirithítear nascacht bhunúsach an iompair lasta agus an iompair paisinéirí de bhóthar i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Comhráiteas ón Ostair, ón mBeilg, ón Danmhairg, ón nGearmáin agus ón Iodáil**

Tacaíonn an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin agus an Iodáil leis an gcuspóir, lena n-áirithítear nascacht bhunúsach maidir le hiompar de bhóthar tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas gan comhaontú um tharraingt siar agus is díol sásaimh dóibh na bearta sealadacha atá molta go mbeidh na tarlóirí bóthair agus oibreoirí cóiste agus bus sin, a bhfuil ceadúnas de chuid na Ríochta Aontaithe acu, in ann earraí agus paisinéirí a iompar de bhóthar idir críoch na Ríochta Aontaithe agus Ballstáit den Aontas Eorpach. Tá na bearta sin riachtanach chun suaitheadh tromchúiseach a sheachaint i gcomhthéacs na n-oibríochtaí sin láithreach bonn tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas agus go háirithe i dtaca leis an ord poiblí.

Mar sin féin, is díol imní don Ostair, don Bheilg, don Danmhairg, don Ghearmáin agus don Iodáil nach bhfuil an síneadh a cuireadh le raon feidhme líon áirithe oibríochtaí cabatáiste in iompar earraí de bhóthar ag teacht leis na treoirlínte i dtaobh bearta teagmhasacha a chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach maidir le hiompar ginearálta AE27, toisc nach bhfuil na hoibríochtaí sin riachtanach chun nascacht bhunúsach a áirithiú idir an Ríocht Aontaithe agus AE27. Ní chuirfidh sé deireadh lenár n-imní go scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige ar an 31 Nollaig 2019.

Agus aird á tabhairt acu, áfach, ar na húdair imní eacnamaíocha uileghabhálacha, creideann an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin agus an Iodáil, i dtaobh na gcearta a tugadh do tharlóirí na Ríochta Aontaithe faoi choinníoll na cómhalartachta, gur slí iomchuí atá ann chun freagairt don chás uathúil sin ina dtarraingeodh Ballstát siar as an Aontas Eorpach. Ní chuirfidh an Rialachán seo deireadh lena thuilleadh caibidlíochta leis an Ríocht Aontaithe ná le tríú tíortha eile agus ní mheasfar é a bheith ina fhasach. Chun creat a bheidh dlíthiúil go foirmiúil agus go substaintiúil ón 1 Eanáir 2020 amach a áirithiú, dearbhaímid ár dtuairim láidir go mbeidh Ballstáit an Aontais in ann comhaontuithe déthaobhacha a chaibidil leis an Ríocht Aontaithe le linn thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

**<u>Ráiteas ón Ríocht Aontaithe</u>**

An Ríocht Aontaithe:

– Is díol sásaimh di a bhfuil i gceist leis an togra seo rud a chabhróidh leis an gcur isteach ar shaoránaigh agus ar ghnóthaí ar fud na hEorpa agus níos faide anonn a íoslaghdú i gcás Brexit gan mhargadh. Is réiteach pragmatach é a chabhróidh le cinnteacht a chur ar fáil do shaoránaigh agus do ghnóthaí agus tá an Ríocht Aontaithe sásta an rochtain chómhalartach a chur ar fáil d'oibreoirí an Aontais mar a cheanglaítear sa togra.

– Is oth léi nach ndearnadh Giobráltar a áireamh faoi raon feidhme an bhirt seo agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sé i gceist aici, nuair a bheidh an caidreamh leis an Aontas faoi chaibidil amach anseo, go rachaidh sí i mbun caibidlíocht thar ceann mhuintir iomlán na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear a críocha thar lear.

– Fáiltíonn sí roimh a ndúirt Aire Gnóthaí Eachtracha na Spáinne le Chomhdháil na Spáinne nuair a dúirt sé nár theastaigh uathu saol éinne a dhéanamh níos casta, ná aon deacrachtaí a chruthú dóibh, agus nár theastaigh uathu an teorainn a dhúnadh. Táimid cinnte go bhfuil gach taobh tiomanta na bearta iomchuí a chur i bhfeidhm [ar gach leibhéal/i ngach fóram] chun na saoránaigh ar an dá thaobh den teorainn a chosaint agus chun aon chur isteach ar chúrsaí a sheachaint i gcás Brexit gan mhargadh.

– Athdhearbhaíonn sí a cinnteacht maidir lena ceannasacht ar Ghiobráltar.

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún</u>**

Tugann an Coimisiún dá aire an ráiteas a rinne an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Iodáil agus an Ostair. Maidir leis an gcuid sin den ráiteas a bhaineann le caibidliú comhaontuithe déthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe le linn thréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, meabhraíonn an Coimisiún go mbeadh caibidlíocht den sórt sin ar neamhréir le hinniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais. Is as Airteagal 3(2) CFAE, in éineacht le hAirteagal 1(2) agus Airteagal (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 agus de Rialachán 1073/2009, a thagann an inniúlacht eisiach sin.

Ag féachaint do na Treoirlínte ón gComhairle Eorpach an 23 Márta 2018 maidir leis an gcaidreamh a bheidh ann amach anseo leis an Ríocht Aontaithe, arna mbunú d'fhonn tús a chur leis an gcaibidlíocht faoin tuiscint fhoriomlán ar an gcreat don chaidreamh a bheidh ann amach anseo, tá sé de rún ag an gCoimisiún aon tionscnamh is gá a ghlacadh chun nascacht iomchuí a bhunú le linn na tréimhse tar éis dul in éag don Rialachán.